

CEOL AN AIFRINN

TAR CHUGAINN A NAOMHSPRID

Veni Creator Spiritus Domhnach na Cincíse

Tar chugainn a Naoimh-Sprid Bheannaithe;
Comhairligh sinn in am 's i dtráth;
Treoraigh sinn ar ród na beatha seo,
Is stiúraigh sinn go ríocht na ngrást.

Líon ár gcroí de ghrásta chartain,
A NaoimhSprid dhiaga shólásaigh,
Tabhair dúinn foighne, neart is eagna;
Go rabhamar choíche cóir le cách.

Tabhair dúinn tuiscint's creideamh láidir,
Fios ár ndualgas's eagla Dé;
Go rabham i gcónaí dílis cráifeach
Is saor ó pheaca i rith ár saoil.

Fan inár bhfochair, a Sprid na fírinne,
Trí gach buaireamh, olc is baol;
Ar gach contúirt, tabhair dúinn dídean,
Go sriochfeam cuan i Parthas Dé.

MORADH DUIT A RÍ NA CRUINNE

Moradh duit a Rí na cruinne,
Maidin Domhnaigh in-ár ndáil;
Móradh duit, a Dhia's a dhuine,
Moladh's glóire duit go brách.

Moladh's glóire, moladh's glóire.
Moladh's buíochas duit is grá,
Moladh's glóire, moladh's glóire,
'S moladh ó shlóite cheithre ard.

TAR ANUAS A SPIORAID NAOIMH

Domhnach na Cincíse

Tar anuas a Spioraid Naoimh (x3)
Is líon ár gcroí ded' ghrásta caomh.

V1. Grásta an Spioraid Naoimh go ngabhaimid,
Agus insa chreideamh go gcónaimid,
I ngaol Dé, i ngrá Dé, i dtoil Dé,
i súil Dé, i rún Dé, i gcúram Dé.

V2. Sampla na bhfiréan go leanaimid,
Agus i dTeampall Chríost go bhfanaimid,
I ngaol Dé, i ngrá Dé, i dtoil Dé,
i súil Dé, i rún Dé, i gcúram Dé.

Mí an Mheithimh
Mairéad Ní Phleamonn

BÍ, A ÍOSA IM' CHROÍSE

Bí, a Íosa im'chroíse is im'chuimhne gach uair,
Bí, a Íosa im' chroíse le haithrí go luath,
Bí, a Íosa im' chroíse le dúthracht go buan,
Is a Íosa, a Dhia dhílis, na scar choíche uaim.

Bí, a Íosa, go síoraí im' gcroí is im' bhéal,
Bí a Íosa, go síoraí im thuiscint is im ' mhéin,
Bí, a Íosa, go síoraí im' mheabhair mar léann,
Is a Íosa, a Dhia dhílis, ná fág mé liom féin.

AIMSIGÍ AR DTÚS

Aimsigí ar dtús Ríocht Naofa Dé
Is a fhíréantacht,
Is tabharfar daoibh gach uile ní go beacht:
Alleluia srl.

Iarr agus béarfear duit go fial,
Lorg is gheobhaidh tú do mhian
Buail agus nochfar romhat do thriall:
Alleluia srl.

CUIR ÁTHAS I MO CHROÍ

Tabhair dom áthas i mo chroí agus moladh,
Tabhair dom áthas i mo chroí a Dhia.
Tabhair dom áthas i mo chroí agus moladh;
Agus molaim thú go deo na ndeor

Curfá: Ceol Hosanna! Ceol Hosanna!
Ceol Hosanna don Rí na rí!
Ceol Hosanna! Ceol Hosanna!
Ceol Hosanna don Rí.

Tabhair dom síocháin i mo chroí agus foscadh,
Tabhair dom síocháin i mo chroí, a Dhia.
Tabhair dom síocháin i mo chroí agus foscadh;
Agus umhlaim romhat go deo na ndeor . **Curfá**

Tabhair dom grá i mo chroí agus seirbhís,
Tabhair dom grá i mo chroí, a Dhia.
Tabhair dom grá i mo chroí agus seirbhís,
Agus gráim thú go deo na ndeor. **Curfá**